the arts council
an chomhairle ealaíon

Tá sé tógtha againn;
cad chuige nach dtiocfaidh siad?

John Burns

Luach na nEalaíon

the arts
council
an chomhairle
ealaíon

Réamhrá

Coimisiúnaíodh an staidéar darb ainm *An Pobal agus na hEalaíona (2006)* ag an gComhairle Ealaíon chun eolas a chur ar fáil ar iompar agus ar mheon reatha mhuintir na hÉireann i leith na nEalaíon.

Is léir ón staidéar go bhfuil meon an phobail i leith na nEalaíon thar a bheith dearfach agus tá na leibhéil tinrimh níos airde ná na gnáthleibhéil idirnáisiúnta. Nochtar patrúin reatha tinrimh, rannpháirtíochta agus ceannaigh, chomh maith le 'tomhaltas' príobháideach na n-ealaíon agus cultúir trí raon meáin atá ag méadú. Léirigh an staidéar chomh maith áfach roinnt fionnachtana atá frithráiteach de réir na cosúlachta – measann an pobal (de réir mar a léiríodh sna samplaí a tógadh ag an staidéar) go bhfuil na healaíona tábhachtach, fiú mura ndéanann siad freastal pearsanta ar imeachtaí ealaíon foirmiúla. Spreag sé seo machnamh ar na slite éagsúla inar féidir leis na healaíona tionchar a dhéanamh ar an saol laethúil, d'ainneoin a dhofheictheacht uaireanta.

De bhun an staidéir d'iarr an Chomhairle Ealaíon ar raon tráchtairí a gcuid tuairimí agus léargas a thabhairt ar *Luach na nEalaíon.* Tá sé mar aidhm ag na paimfléid seo plé a spreagadh agus aird a tharraingt ar an ról ríthábhachtach a d'fhéadfadh a bheith agus a bhíonn ag na healaíona ar ár saolta mar dhaoine aonair, mar bhaill de phobail ilghnéitheacha agus mar chuid den tsochaí i gcoitinne.

Tá sé tógtha againn; cad chuige nach dtiocfaidh siad?

Cuireann an tuarascáil *An Pobal agus na hEalaíona* i gcuimhne dom ceist na Gaeilge sa daonáireamh. "An féidir leat Gaeilge a labhairt?", a fhiafraítear de dhaoine gach ceithre bliana. Is féidir linn go deimhin, a fhreagraíonn suas le leath an daonra. "Ceart go leor mar sin, AN labhraíonn tú Gaeilge?", a fhiafraítear díobh. Ní labhraímid, a fhreagraíonn beirt as gach triúr.

Fiafraítear de dhaoine Éireannacha, sa staidéar a coimisiúnaíodh ag an gComhairle Ealaíon, má cheapann siad gur rud maith i gcoitinne iad na healaíona. Go deimhin ceapann siad. Aontaíonn ceathrar as gach cúigear go bhfuil oideachas ealaíne sna scoileanna chomh tábhachtach leis an eolaíocht. Creideann triúr as gach ceathrar go bhfuil sé chomh tábhachtach conláistí ealaíne a chur ar fáil agus áiseanna spóirt a thógáil, agus ceapann níos mó ná leath díobh gur chóir go ndéanfaí méadú ar chaiteachas an rialtais agus an údaráis áitiúil ar na healaíona.

An bhfuil spéis agat féin sna healaíona? Tá go deimhin, a fhreagraíonn 75%, le 33% atá suáilceach ag maíomh go bhfuil spéis láidir acu. Ceart go leor, bhuel mar sin, cad atá freastalta agat le déanaí d'fhonn é a fheiceáil nó a chloisint, a d'fhiafraigh na ceistneoirí díobh. Agus go tobann shroicheamar an pointe sa tsuirbhé ina raibh ar na daoine stop a chur lena suáilceacht nó lena sodar i ndiaidh na n-uaisle. Cosúil leis an bpointe sa daonáireamh nuair a bhí orthu stop a chur lena ráiteas go bhfuil siad "in ann Gaeilge a labhairt" agus nochtadh a dhéanamh ar cé chomh minic agus a rinne siad amhlaidh.

Ar an dromchla, déanann daoine Éireannacha beart de réir a mbriathar: d'fhreastail 85% ar ócáid ealaíne amháin ar a laghad i rith na bliana seo caite. Ba fheabhas é sin ar 1994, agus tá sé go maith de réir comparáide le leithéidí Sasana (80%).

Ach an ea go bhfuil an gloine 85% lán nó 15% folamh? San áireamh le catagóirí na n-ealaíon bhí scannáin, ceolchoirmeacha rac-cheoil, an sorcas, agus seisiún ceolta tuaithe, taispeántais ealaíne... agus nuair a smaoiníonn tú faoi, nach suntasach an rud é nár fhreastail os cionn duine as gach deichniúr de chuid an daonra ar AON de na himeachtaí seo i rith na bliana seo caite?

Chun é sin a fhágáil ar leataobh, nuair a dhéantar dlúthghrinniú ar na figiúirí is léir dúinn go bhfuil na healaíona príomhshrutha, pobalacha - cosúil le popcheol agus rac-cheol - i mbarr a sláinte. Ach cé go mbíonn siad siúd a théann chun na pictiúrlainne chun Rocky Balboa a fheiceáil, nó go dtí an RDS chun George Michael a fheiceáil, ag freastal ar ócáid ealaíne go teicniúil, ní hionann é seo agus an méid sin a dtugann an móramh "na healaíona" air.

Ag dul go dtí ceadal, taispeántas, cur i láthair bailé; léamh duanaire filíochta nó freastal ar léamh ag an údar - is é sin anois é an méid a thugann le fios go bhfuil sé de theideal agat a bheith measta mar "amplachán cultúir". De réir an chaighdeáin sin, níl cuma rómhaith ar chúrsaí.

Is lú an chosúlacht go bhfreastalódh daoine Éireannacha ar ócáidí cultúrtha "ardléannta", cosúil le taispeántais ealaíne agus an amharclann, na laethanta seo ná mar a bhí i 1994. Ní bhíonn an tóir chéanna fiú ar chineálacha caithimh aimsire atá beagáinín as an ngnáth - lena n-áirítear seónna ilsiamsa, agus cuir i láthair ceolta tuaithe.

Is iad na fionnachtana suirbhé a bhaineann leis an amharclann na fionnachtana is mó iontais, agus is suaití. B'fhéidir go

ndeireann daoine go bhfuil spéis acu sna healaíona, agus is féidir leo a dhearbhú gur chóir na healaíona a bheith tacaithe, ach tá laghdú 7% ar líon na ndaoine a dhéanann freastal ar dhrámaí - rud éigin atá á dhéanamh ag an gcine daonna ó thús na sibhialtachta.

Tá sé níos éasca ná riamh dráma a fheiceáil in Éirinn. Tá forleathnú nach beag ar an rogha, sa phríomhchathair agus timpeall na tíre. Tá Baile Átha Cliath, mar shampla, ciorclaithe ag an Civic i dTamhlacht, ag an Pavilion i nDún Laoghaire agus ag an Mermaid i Bré, Co. Chill Mhantáin - gach ceann acu ag forlíonadh institiúidí lár na cathrach- le siamsa príomhshrutha, inrochtaineachta.

Tá sé níos éasca ná riamh suíochán a chur in áirithe - déanann cliceáil amháin de luchóg an gnó i gcomhair thromlach na n-amharclann - agus is annamh a bhíonn an méid tallann ar taispeáint de réir mar atá na laethanta seo. Tá Ralph Fiennes, Stephen Rea, Tim Robbins, Susan Sarandon agus John Mahoney i measc na "n-ainmneacha mór le rá" a shiúil na gclár i mBaile Átha Cliath i gcaitheamh na deich bliana seo caite, agus tá go leor dámhachtana bronnta thar sáile ar dhrámaí a léiríodh ag na hamharclanna is fearr dár gcuid.

Idir an dá linn is cinnte é nár choinnigh costas na dticéad amharclainne i bPoblacht na bPraghsanna Arda suas le boilsciú. Cé nach bhfágfaidh ceolchoirmeacha rac-cheoil agus popcheoil ó ghníomhartha den ghnáthchineál sóinseáil as 150 agat, is féidir suíochán maith amharclainne a fháil ar leath an phraghais. Chosnódh béile do bheirt i mbialann meán-raoin níos mó ná dhá oiread an phraghais a bheadh ar dhá shuíochán in Amharclann an Gheata nó sa Gaiety.

Agus fós, tá an tinreamh ag amharclanna Éireannacha ag dul i laghad. Tá na meánaicmí - na tacadóirí is fearr go traidisiúnta de chuid na hamharclainne - ag fanacht ar shiúl, agus níor éirigh lenár n-institiúidí for-rochtain a dhéanamh le codanna eile na sochaí d'fhonn iad a athsholáthar. Maidir leo siúd a théann chun na hamharclainne, is cosúil gur ócáid bhliantúil í an t-eispéireas. Téann níos lú ná leath díobh a ceistíodh oiread agus dhá uair nó níos minice in aghaidh na bliana.

Is trioblóideach é an nochtadh seo, do riarthóirí agus airgeadaithe ealaíne go háirithe. Tá rialtas na hÉireann ag infheistiú na milliúin chun amharclanna nua a thógáil, agus na seanchinn a athchóiriú, i mBaile Átha Cliath agus níos faide anonn. Cad chuige? Ionas go mbeidh amharclanna na hÉireann dea-chumhdaithe ar a laghad, fiú is go mbeidh na suíocháin folamh?

Chomh maith leis sin, is é an téatar an fhoirm ealaíne is mó a fhaigheann fóirdheontas in Éirinn. Tugann an Chomhairle Ealaíon na milliúin in aghaidh na bliana do na himreoirí móra - Amharclann na Mainistreach, Amharclann an Gheata agus mar sin de. Nár chóir go ndéanfadh an t-airgead leanúint ar na treochtaí? Is léir ón suirbhé, go bhfuil an tóir ar théatar sráide faoin spéir ag méadú. Cad chuige nach ndéantar gearradh siar ar an maoiniú i mbrící agus moirtéal, agus é a chur isteach i ngrúpaí agus imeachtaí téatair nach bhfuil díon costasach de dhíth orthu os cionn a gcinn?

Áiteoidh amharclanna, agus institiúidí ealaíne eile, go ndéanann siad iarrachtaí thar na bearta chun for-rochtain a dhéanamh ar a gcuid lucht féachana, d'fhonn a gcuid cláir a dhéanamh solúbtha agus sochomhairleach. Tá amhras orm, áfach, nach bhfuil go leor á dhéanamh acu. Má tá, cad chuige nár fhreastail ach 24% de dhaoine ar amharclann i rith na bliana roimhe sin, agus gan ach 18% de dhaoine ar halla ceolchoirme nó ar

cheoldráma, ach d'fhreastail 33% ar láthair faoi spéir? Is léir go bhfuil lucht féachana amuigh ansin nach bhfuil á dtarraingt isteach ag ár gcuid institiúidí.

Is é atá i gceist le cuid den chúis ina thaobh, déarfainn, ná go reáchtálann cuid mhaith institiúidí ealaíne a gcláir chun a bheith oiriúnach dóibh féin agus a bhfoireann seachas na daoine ina n-ábhar pátrúin dóibh. Cad chuige, mar shampla, a tharlaíonn an chuid is mó de dhrámaí agus de cheadail ar a 8in ar oícheanta i rith na seachtaine? Is am tosaithe é atá saincheaptha beagnach chun an pobal a dhíspreagadh seachas iad a mhealladh.. Cén fáth nach reáchtáiltear drámaí agus ceadail in amanna a oireann leis an gcuid is mó de dhaoine - am lóin, am tae, tráthnónta Domhnaigh, iarnónta laethanta saoire bainc? Is iad sin na tráthanna nuair a dhéanann féilte faoin spéir a ngnó, agus b'fhéidir gurb é sin an fáth go bhfuil níos mó tóra orthu.

D'fhéadfadh go mbeadh sé ina ábhar cúnaimh chomh maith mura mbeadh na foirgnimh ealaíne seo chomh sollúnta sin mar áiteanna. Cé hiad na daoine ag dul an bealach a mheallfaí isteach Amharclann na Mainistreach, Gailearaí Náisiúnta na hÉireann nó an Ceoláras Náisiúnta lena n-aghaidheanna doicheallacha? Cén fáth nach ndéanann na foirgnimh seo for-rochtain agus daoine a phiocadh isteach ón sráid, iad a mhealladh chun fanacht istigh trí shiopaí caife a chur ina gcuid forhallaí?

B'fhéidir go bhfuil sé ró-dhéanach, i gcás na glúine seo ach go háirithe. Is é an rud a dheireann an suirbhé seo dom, níos mó ná rud ar bith eile, ná go raibh an iomarca béime ar fhoirgnimh agus ar bhonneagar agus ar mhaoiniú agus ar riarachán. San am a bhí riarthóirí agus polaiteoirí agus, is fíor é, rannáin de chuid na meán ag caint dóibh féin mar gheall ar dheontais agus a leithéid, bhí an pobal ag éisteacht lena gcuid iPod'anna, nó ag íoslódáil Podchraoltaí chun iad a fheiceáil ar a gcuid ríomhairí

pearsanta, nó ag freastal ar fhéilte ceoil i lár na tíre. Níl siad ag éisteacht, is cuma leo.

Is fíor go bhfuil spreagadh agus tacaíocht de dhíth orthu chun freastal ar ócáidí ealaíne, ach ceapaim go gcaithfidh na húdaráis agus na hinstiúidí ealaíon gabháil a dhéanamh ar leibhéal níos bunúsaí. Tóg, mar shampla, an rud is mó suaití: is é sin nach léann 46% d'fhir i gcomhair pleisiúir uair ar bith.

Is léir mar sin, nach bhfuil sé fiúntach a bheith ag iarraidh a leithéid d'fhir a mhealladh chun freastal ar léamh filíochta, nó cur i láthair de Julius Caesar in Amharclann na Mainistreach. Is rud coimhthíoch dóibh fiú coincheap "na n-ealaíon" mar ábhar siamsa. Bheadh sé beagnach dodhéanta a chur ina luí orthu gur féidir leis na healaíona meamna a ardú, a bheith oideachasúil, agus saoil a shaibhriú.

Cé go gcuirtear an milleán i gcónaí ar an "gcóras oideachais" as ucht gach teip de chuid dhaoine fásta ár ndaonra, is deacair é a chreidbheáil nár lig ár scoileanna a gcuid mic léinn fireannacha síos ós é go bhfágann an méid sin díobh an scoil gan ghrá ar an litríocht, agus gan chlaonadh ar bith iontu gur féidir le léitheoireacht a bheith taitneamhach seachas ina dhualgas. Gan an bunchloch bunúsach sin, cé mar is féidir leis an gComhairle Ealaíon nó institiúid ar bith eile dea-shampla de chomhpháirteachas a thógáil leis na healaíona?

Ta fadhb eile ann, agus anseo téim sa seans go ndéarfaidh mé rud éigin conspóideach i ndáiríre, go bhfuil an iomarca post ealaíon sinsearach in Éirinn atá líonta ag na daoine céanna ar feadh tréimhse ró-fhada. Is post ar feadh an tsaoil é le bheith ceaptha in do stiúrthóir ar institiúidí áirithe, nó ar feadh tréimhse an-fhada de chuid do shaol pé scéal é. Fiú dá ndéanfaidís iarracht, ní bheadh cuid de riarthóirí a chaith 10 mbliain nó níos

mó ina gcuid poist in ann for-rochtain a dhéanamh ar ghlúin óg nua agus iad a mhealladh isteach ina gcuid foirgnimh. Níl siad i dteagmháil leis an margadh níos mó.

Tá roinnt de na hinstitiúidí seo, agus is féidir liom smaoineamh ar dhá cheann go hairithe, i ngéarghá le fuil nua, lámh níos óige ar an halmadóir. D'oibrigh sé go maith ag Amharclann na Mainistreach, áit a bhfuil dúshláin á chur ag Fiach MacConghail roimh na sean-shiobailit agus athchóiriú á thabhairt isteach.

Tá glao múscailte soiléir ann sa tsuirbhé seo don Chomhairle Ealaíon chomh maith. Cén chaoi gur chóir dó na fionnachtana a fhreagairt? Ní fiú dó a bheith cosantach, ná léirmhíniú a dhéanamh ar an toradh i dtéarmaí diúltacha. I ndeireadh na ndála, níl rud ar bith "mícheart" más fearr leis an bpobal an cultúr príomhshrutha nó foirmeacha ealaíne a bhfuil tóir orthu. Ach tá cuaillí eolais ann chomh maith maidir leis an méid a gcaithfidh an Chomhairle a dhéanamh i rith na blianta beaga amach romhainn.

Ar an gcéad dul síos, caithfidh sé céimeanna níos praiticiúla a ghlacadh d'fhonn daoine a chumasú chun freastal ar ócáidí ealaíne áirithe. Tá go leor déanta sa réimse seo - agus tá níos lú constaicí os a gcomhair de réir an tsuirbhé - ach éireoidh an dúshlán níos deacra. Beidh straitéisí níos samhaltaí riachtanach amach anseo chun daoine a mhealladh ar shiúl óna gcuid ríomhairí pearsanta agus a gcuid iPod'anna.

Ar an dara dul síos, creidim go gcaithfidh an Chomhairle Ealaíon é féin a thumadh sa mhéid atá príomhshruthach agus sa mhéid a bhfuil tóir air, agus gan a bheith ag féachaint ar a ról mar rud a dhéanann soláthar ar mhalairtí an mhéid siúd amháin. Má dhíríonn an Chomhairle amháin ar ealaíona "ardléannta", ní bheidh á dhéanamh acu ach bainistiú ar mheath. Má théann sé

i ngleic leis an méid atá príomhshruthach, tiocfaidh sé ar bhealaí chun spéis an phobail a threorú i dtreonna níos dúshlánaí. Cad chuige nach ea, mar shampla, gur féidir le duine a fhreastalaíonn ar an IFC chun Rocky a fheiceáil gearrscannán le léiritheoir óg Éireannach a fheiceáil ar an mbille céanna?

Faoi dheireadh, caithfidh an Chomhairle Ealaíon an suirbhé seo a úsáid mar mhaitrís d'fhonn cinntí maoinithe a bhreacadh. San iriseoireacht, insítear d'iriseoirí an t-airgead a leanúint. Sna healaíona, caithfidh an t-airgead go pointe áirithe na daoine a leanúint.

Díreach cosúil leis an gcaoi nach ndéanann crann a thiteann san fhoraois fuaim mura bhfuil duine ann chun é a chloisint, dá réir sin ní féidir le healaín tionchar a dhéanamh mura bhfuil tóineanna ar shuíocháin chun a bheith mar fhinnéithe di. Is féidir go mbeidh duine ar bith a dhéanann neamhaird ar fhionnachtana an athbhreithnithe 12-bhliain seo as gnó faoin am a fhoilseofar an chéad cheann eile.

John Burns, Aibreán 2007
eagarthóir nuachta eagrán Éireannach an Sunday Times

70 Merrion Square,
Dublin 2, Ireland

70 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2, Éire

t +353 1 618 0200
f +353 1 676 1302
Callsave 1850 392 492

e info@artscouncil.ie
w www.artscouncil.ie